Nuair a chasann tú sconna, tagann uisce amach.

Cén chaoi a dtagann an t-uisce
go dtí do sconna?

Tagann an t-uisce trí phíobáin atá i mballaí an tí.

Cén chaoi a dtéann an t-uisce isteach sna píobáin i do theach?

Ritheann an t-uisce trí phíobáin mhóra faoin talamh. Tá siad ceangailte leis na píobáin i do theach. Tá na píobáin seo ina luí faoi na sráideanna go léir i do bhaile.

Cén chaoi a dtéann an t-uisce isteach sna píobáin faoi do bhaile?

Tagann an t-uisce as ionad cóireála uisce.
Glanann an t-ionad seo an t-uisce.
Pumpálann an t-ionad an t-uisce glan isteach sna píobáin atá ina luí faoi do bhaile.

Cén chaoi a dtéann uisce
go dtí an t-ionad cóireála uisce?